C/2024/6490

28.10.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11738 – ICG / IMANES / PICARD)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/6490)

1. An 18 Deireadh Fómhair 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Intermediate Capital Group plc ('ICG', an Ríocht Aontaithe),

— Imanes Sarl ('Imanes', an Fhrainc), faoi rialú deiridh Theaghlach Zouari (an Fhrainc),

— Picard (an Fhrainc), atá faoi rialú comhpháirteach Lion Capital LLP (Lion Capital, an Ríocht Aontaithe) agus Theaghlach Zouari faoi láthair.

Gheobhaidh ICG agus Imanes rialú comhpháirteach ar Picard de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir sócmhainní malartacha domhanda é ICG atá gníomhach i gcothromas struchtúrtha agus príobháideach, i bhfiachas príobháideach, i sócmhainní réadacha agus i gcreidmheas, agus tá sé bunaithe sa Ríocht Aontaithe agus tá láithreacht aige san Eoraip, san Áise Ciúin agus sna Stáit Aontaithe,

— Is eintiteas infheistíochta é Imanes atá faoi rialú deiridh theaghlach Zouari. Rialaíonn teaghlach Zouari (i) Picard agus (ii) siopaí miondíola faoi mheirgí Franprix agus Monop, atá lonnaithe go príomha i bPáras agus i gceantar Pháras. Tá teaghlach Zouari gníomhach freisin i miondíol táirgí maisiúcháin agus basáir,

— Tá Picard gníomhach i ndáileadh miondíola bia reoite (agus, go pointe beag, bia neamh-reoite) trína líonra dáileacháin féin de shiopaí speisialaithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11738 – ICG / IMANES / PICARD

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË